# Aonad 9 - Ceacht 7

# Camscéimeanna Bí Airdeallach! – Leathanach an Mhúinteora

## Na gnéithe ar fiú a bheith airdeallach fúthu:

**1. Is Buaiteoir Thú:** Is féidir teagmháil a dhéanamh leat ar an bhfón, le ríomhphost, le téacs nó le litir ag cur in iúl duit go bhfuil suim mhór airgid buaite agat. Ansin iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le duine atá ag obair leo chun d'airgead a fháil. Is camscéim é seo. Iarrfaidh siad ort costais éagsúla a íoc chun an t-airgead a phróiseáil, ach ní bhfaighidh tú pingin riamh.

**2. Camscéim le Ríomhaire:** Déantar iarracht smacht a fháil ar do ríomhaire chun bogearraí mailíseacha a chur air, a bhaileoidh sonraí pearsanta uait. Nó déanfaidh siad damáiste don ríomhaire agus lorgóidh siad airgead uait chun an damáiste a dheisiú. Déarfaidh siad leat gur féidir leo an fhadhb a réiteach má thugann tú sonraí do chárta creidmheasa dóibh – ach úsáidfidh siad na sonraí seo chun airgead a thógáil uait gan aon chead. Bí airdeallach ar na rudaí seo i gcónaí. Is camscéimeanna fioscaireachta (phishing) iad...

**3. Oibrigh ón mBaile:** Bíonn cuma iontach ar na fógraí seo, go háirithe má tá tú as obair, má tá tú tar éis do phost a chailliúint, munar féidir leat obair a dhéanamh taobh amuigh den bhaile, nó má tá tuilleadh airgid uait ar chúis éigin. Bíonn roinnt fógraí mar seo ceart go leor, ach is camscéimeanna cuid mhaith acu. Ní chuirtear in iúl duit go mbeidh ort go leor uaireanta a chaitheamh ag obair gan aon phá. Is minic go mbíonn costais bhreise ann freisin – cosúil le táillí difriúla agus costais riaracháin – agus fanann tú ansin ar feadh i bhfad agus ní chloiseann tú aon rud.

**4. Ríomhphoist ón mBanc:** Faigheann tú ríomhphost le cuma oifigiúil air ón mbanc. Bíonn eolas nó sonraí á lorg acu. Bíonn na suíomhanna, uimhreacha teileafóin agus seoltaí ríomhphoist seo go léir bréagach. Is camscéimeanna iad. Ní lorgóidh do bhanc sonraí ar an mbonn seo uait riamh. Ná freagair.

**5. Triail Saor in Aisce:** Is minic go mbíonn fíorchostas na dtrialacha seo i bhfolach áit éigin sna téarmaí agus coinníollacha – a deir go lorgófar costas iomlán na n-earraí uait nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse thrialach. Tugann siad cead don chomhlacht earraí breise a sheoladh chugat ina dhiaidh sin, le táillí postais arda. Féach go mion ar na téarmaí agus coinníollacha sna cásanna seo.